



OLLSCOIL NA GAILLIMHE  
UNIVERSITY OF GALWAY

## Feidhmeannach Teanga, Grád 5

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Aonad na Gaeilge Feidhmí,  
2 x Conradh Sainchuspóra (Sos Gairme & Saoire Mháithreachais)

Tag: 009763



UNIVERSITY  
VACANCIES IRELAND  
[universityvacancies.com](http://universityvacancies.com)



HR EXCELLENCE IN RESEARCH

## FÓGRA POIST

Fáiltítear roimh iarratais ar cheapachán mar **Feidhmeannach Teanga, Grád 5 Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Aonad na Gaeilge Feidhmí, 2 x Conradh (Sos Gairme & Saoire Mháithreachais)** in Ollscoil na Gaillimhe.

1. Conradh Sainchuspóra, Sos Gairme – Lonnaithe go príomha ar phríomhchampas na hOllscoile.
2. Conradh Sainchuspóra, Saoire Mháithreachais – Lonnaithe go príomha ar an gCeathrú Rua.

Le haghaidh fiosruithe neamhfhoirmiúla, déan teagmháil le Dorothy Ní Uigín  
Ríomhphost [dorothy.niuigin@oegaillimh.ie](mailto:dorothy.niuigin@oegaillimh.ie), nó [+353 \(0\) 91 49 3493](tel:+353091493493)

Tá tuilleadh eolais faoi Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge le fáil ar [www.acadamh.ie](http://www.acadamh.ie)

### Tuarastal:

**€55,956 go €75,858 sa bhliain (infheidhme i gcás iontrálaithe nua le héifeacht ó Eanáir 2011)**  
(Déanfar an ceapachán seo ar an scála Grád 5 faoi réir pholasaí reatha pá an Rialtais)

**Ní mór iarratais a bheith faighte faoi 17:00 (am na hÉireann) ar an Déardaoin, 16 Feabhra 2023.**

**Ní dhéanfar iarratais a fhaightear tar éis an spriocdháta a mheas.**

**D'fhéadfadh grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a bheith le déanamh.**

**Déanfar ceapacháin faoi réir bailíochtú údarú oibre. Tá sonraí breise le fáil ar líne ar [www.dbei.ie](http://www.dbei.ie)**

**Chun tuilleadh eolais agus Foirm Iarratais a fháil féach ar an láithreán gréasáin:  
[Ollscoil na Gaillimhe - postanna.](#)**

**Ba cheart iarratais a dhéanamh ar líne.**

Tabhair faoi deara go mbraithfidh ceapachán i bpoist atá fógartha ar cheadú na hOllscoile, agus ar théarmaí an Chreata um Rialú Fostaíochta don earnáil ardoideachais.

Is fostóir comhionannais deiseanna í Ollscoil na Gaillimhe.

## 2. Caidrimh an Róil

Beidh teagmháil chomhoibritheach ghinearálta ag sealbhóir an phoist leo seo a leanas:

Stiúrthóir Léinn an Acadaimh

Riarthóir Theagasc na Gaeilge agus Feidhmeannaigh Teanga

Riarthóirí agus foireann na nIonad Gaeltachta

Riarthóir agus foireann Léann na Cumarsáide

Riarthóir agus foireann teagaisc na Teicneolaíochta Faisnéise

Riarthóir agus foireann an Aonaid Aistriúcháin agus Ateangaireachta


Foireann Teagaisc Scoil na nDaonnachtaí

Foireann Teagaisc Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr

Oifigí na Seirbhísí do Mhic Léinn

Comhaltaí foirne acadúla

**Cairt eagraíochta a léiríonn post an tsealbhóra:**



### 3. Príomhchuspóir an Phoist

Is é Aonad na Gaeilge Feidhmí in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na Gaillimhe an t-aonad léinn is mó a chuireann cúrsaí sealbhaithe teanga trí Ghaeilge ar fáil in aon institiúid tríd leibhéal in Éirinn. Is iad mórchláracha reatha léinn an Aonaid:-

An Dioplóma sa Ghaeilge

An tArd-Dioplóma/BA sa Ghaeilge Fheidhmeach

Máistreacht sna Dána (Léann Teanga)

An Teastas Iarchéime in Ardscileanna Gaeilge do Mhúinteoirí

Cuireann an tAonad modúil agus tacaíocht teagaisc eile ar fáil do chláir eile léinn de chuid na hOllscoile, leithéidí an BComm le Gaeilge, an Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas, an Dioplóma sa Phleanáil agus Buanú Teanga, an Dioplóma sa Chultúr Dúchais agus an BA sa Ghaeilge chomh maith le cúrsaí teanga eile de chuid an Acadaimh (Tréimhsí Foghlama Gaeltachta na nÁbhar Oidí, Sainchúrsaí agus Dianchúrsaí). Beidh béim faoi leith sa phost seo ar theagasc atá bunaithe ar léann agus ar thaighde i réimse an tsealbhaithe teanga.

#### 4. Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí

I measc na gcúraimí a bheidh ar an bhFeidhmeannach Teanga, beidh:

- Teagasc ar chúrsaí éagsúla ar an gcampas/sna hionaid Ghaeltachta/ar líne mar is gá.
  - An MA sa Léann Teanga (i gcomhar le teagascóirí eile).
  - An tArd-Diplóma/BA sa Ghaeilge Fheidhmeach
  - An Teastas Iarchéime in Ardscileanna Gaeilge do Mhúinteoirí
  - Teagasc ar shruthanna eile den Diplóma sa Ghaeilge, A2/B1/B2/C1.
- Teagasc ar chláir theanga Roinn na Gaeilge de réir mar is gá.
- Tacaíocht chláir don Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas, bliain 1 & 2.
- Obair i gcomhar le teagascóirí eile ar Fheitheoireacht Scrúduithe, Measúnuithe, Ceartúcháin & Scrúduithe Cainte an Aonaid.
- Feidhmiú mar Stiúrthóir Acadúil an Diplóma sa Ghaeilge, B1.
- Eagarthóireacht ar ábhar fuaimne don Diplóma sa Ghaeilge.

Beidh sárscileanna idirphearsanta agus cumarsáide ag an té a cheapfar agus beidh taithí aige/aici ar obair foirne. Beidh an Feidhmeannach Teanga freagrach do Riarthóir Theagasc na Gaeilge.

Tá an post don sos gairme lonnaithe ar phríomhchampus na hollscoile ach beifear ag súil go mbeidh an postsealbhóir ag obair i gcomhar le comhghleacaithe in Ionaid na hOllscoile ar an gCeathrú Rua, i nGaoth Dobhair agus i gCarna de réir mar is gá.

Tá an post don saoire mháithreachas lonnaithe ar an gCeathrú Rua ach beifear ag súil go mbeidh an postsealbhóir ag obair i gcomhar le comhghleacaithe in Ionaid na hOllscoile i nGaoth Dobhair, Carna agus ar phríomhchampus na hollscoile de réir mar is gá.

## 5. Tréithe Speisialta an Phoist

Tugann na critéir roghnaithe imlíne de na hinniúlachtaí a chaithfeadh an té a cheapfar a léiriú mar chruthúnas go bhféadfadh sé/sí dualgais an phoist a chomhlíonadh go héifeachtach. Déanfar na hiarratais a bhreithniú i bhfianaise a éifeachtaí agus chomhlíonfadh gach iarrthóir na critéir seo.

Éilítear na buncháilíochtaí **riachtanacha** seo a leanas:

- Cáilíocht iarchéime (céim mháistreacha ag leibhéal 9 den Chomhchreat Náisiúnta Cáilíochtaí ar a laghad) sa Léann Teanga, sa Ghaeilge nó i réimse comhghaolmhar m.sh. An Teangeolaíocht Fheidhmeach, Léann an Aistriúcháin (agus an Ghaeilge a bheith mar sprioctheanga sa chéim).
- Taithí teagaisc in ollscoil nó institiúid ardoideachais;
- Ardchumas i labhairt agus scríobh na Gaeilge (Leibhéal C2 sa Chomhchreat Eorpach).

Bheadh na cáilíochtaí seo **inmhianaithe**:

- Cáilíocht aitheanta iarchéime i modhanna teagaisc, sa chleachtas acadúil nó a chomhionann;
- Dochtúireacht i réimse léinn a bhaineann leis an Léann Teanga, An Nua-Ghaeilge, An Teangeolaíocht Fheidhmeach.
- Foilseacháin i bhfoirm monagraif nó altanna in irisí piarmheasúnaithe;

Taithí ar an bhfoghlaim chumais agus ar mhic léinn iarchéime a stiúradh.

Greille Féinmhéasunaithe © Comhairle na hEorpa 2001

		A1	A2	B1	B2	C1	C2
T U I S C I N T	<b>Éisteacht</b>	Is féidir liom focail aithnidiúla agus bunfhrásaí a bhaineann liom féin, mo theaghlach agus mo neastimpeallacht a thuiscint nuair a labhraíonn daoine go mall agus go soiléir.	Tuigim na frásaí agus na focail is minice a úsáidtear agus a bhaineann leis na réimsí is mó a bhfuil dlúthbhaint acu le mo shaol féin (mar shampla, eolas an-bhunúsach fúm féin agus faoin teaghlach, siopadóireacht, ceantar áitiúil, fostaíocht). Faighim éirím an scéil i dteachtaireachtaí agus i bhfógraí atá soiléir simplí.	Tuigim na príomhphointí in aon chaint shoiléir chaighdeánach i dtaobh rudaí a thagann aníos go rialta i mo chuid oibre, ar scoil, fóillíocht agus araile. Má labhraítear go measartha mall agus go soiléir, tuigim an príomhphointe a bhaineann le go leor leor clár raidió agus teilifíse mar gheall ar chúrsaí reatha nó ábhair a bhfuil spéis phearsanta nó spéis ghairmiúil agam féin iontu.	Tuigim cainteanna agus léachtaí fada agus is féidir liom fiú amháin argóintí casta a leanúint ar ábhair a bhfuil taithí éigin agam orthu. Tuigim mórchuid na gclár nuachta agus cúrsaí reatha a fheicim ar an teilifís. Tuigim mórchuid na scannán a fheicim nuair is canúint chaighdeánach a labhraítear iontu.	Tuigim píosaí fada cainte fiú nuair nach mbíonn aon struchtúr soiléir ag baint leo agus fiú nuair nach ndéantar an gaol idir rudaí éagsúla a shainiú. Tuigim cláir theilifíse agus scannáin gan an iomarca dua.	Ní bhíonn aon deacracht agam aon ghné den teanga labhartha a thuiscint – idir chaint bheo agus chaint chraolta, fiú amháin nuair a labhraítear ar an luas is dual don chainteoir dúchais, fad is a bhíonn deis agam dul i dtaithe ar an mblas cainte.
	<b>Léitheoireacht</b>	Tuigim ainmneacha, focail agus abairtí an-simplí a bhfuil taithí agam orthu, mar shampla ar fhógraí agus ar phóstaeir nó i gcatalóga.	Is féidir liom téacsanna simplí an-ghearra a léamh. Is féidir liom eolas a aimsiú i ngnáthábhair ar nós fógrán, réamheolairí, cláir bhia agus cláir ama má tá a fhios agam gur dócha go mbeidh an t-eolas le fáil iontu. Tuigim litreacha pearsanta freisin, más litreacha gearra simplí iad.	Tuigim téacsanna nuair is gnáthfoclóir coitianta is mó atá iontu, nó foclóir a bhaineann le hobair áirithe. Tuigim litreacha pearsanta a chuireann síos ar eachtraí, ar mhothúcháin agus ar mhianta.	Is féidir liom ailt agus tuairiscí a léamh ina gcuirtear síos ar fhadhbanna na linne agus ina gcuireann scríbhneoirí dearcadh nó tuairimí ar leith in iúl. Tuigim an próis liteartha comhaimseartha freisin.	Tuigim téacsanna fada casta, idir théacsanna faisnéise agus téacsanna liteartha agus tá tuiscint agam ar dhifriochtaí stíle. Tuigim ailt mar gheall ar shainábhair agus treoracha teicniúla fada, fiú má bhaineann siad le réimse éigin seachas mo réimse eolais féin.	Is féidir liom beagnach gach gné den teanga scríofa a léamh gan stró, fiú amháin téacsanna teibí agus téacsanna a bhfuil struchtúr nó friotal casta ag baint leo, cuir i gcás, lámhleabhair, ailt i dtaobh sainábhair agus saothair liteartha.



L A B H A I R T	<b>Ginchumas Labhartha</b>	Is féidir liom idirghníomhú ar leibhéal an-simplí, fad is go mbíonn an duine eile sásta rudaí a athrá nó a rá ar shlí eile ar luas níos moille agus cabhrú liomsa an rud atá mise ag iarraidh a rá a chur i bhfriotal. Is féidir liom ceisteanna simplí a fhiafraí agus a fhreagairt i dtaobh riachtanas nó i dtaobh ábhar a bhfuil seantaithí agam orthu.	Is féidir liom cumarsáid a dhéanamh agus mé i mbun gnáth-thascanna simplí agus eolas a mhalartú i dtaobh ábhar agus gníomhaíochtaí a bhfuil taithí agam orthu. Is féidir liom déileáil le comhráite sóisialta nach maireann ach seal an-ghearr, cé nach gnách go dtuigim féin go leor chun an comhrá a choinneáil ar siúl.	Is féidir liom déileáil le bunús na ndálaí a d'fhéadfadh a bheith ann le linn dom a bheith ag taisteal i gceantar a bhfuil an teanga á labhairt ann. Ní theastaíonn aon réamhullmhúchán uaim le gur féidir liom dul i mbun comhrá ar ábhair a bhfuil taithí agam orthu, a bhfuil spéis phearsanta agam féin iontu nó a bhaineann leis an ngnáthshaol (mar shampla, an teaghlach, obair, taisteal agus cúrsaí an lae).	Bíonn mo chuid cainte sách líofa agus sách spontáineach chun gur féidir liom idirghníomhú le cainteoirí dúchais go rialta. Is féidir liom a bheith rannpháirteach i bplé ar bith ar ábhair a bhfuil taithí agam orthu agus is féidir liom mo thuairimí féin a mhíniú agus a chosaint.	Is féidir liom mé féin a chur in iúl go líofa réidh gan an chuma a bheith orm go bhfuil mé ag iarraidh nathanna cainte a thabhairt chun cuimhne. Is féidir liom an teanga a úsáid de réir mar a oireann i gcomhair cuspóirí sóisialta agus cuspóirí gairmiúla. Is féidir liom smaointe agus tuairimí a chur i bhfriotal go beacht agus cibé rud atá le rá agam féin a chur i gcomhthéacs an mhéid atá ráite ag cainteoirí eile.	Is furasta dom páirt a ghlacadh i gcomhrá nó i bplé ar bith agus tá eolas maith agam ar chora cainte agus ar ghnáthleaganacha cainte. Is féidir liom mé féin a chur in iúl go líofa agus bríonna caolchúiseacha a chur i bhfriotal go beacht. Más amhlaidh a bhíonn fadhb agam, is féidir liom bealach timpeall uirthi a aimsiú chomh héasca sin agus nach léir do dhaoine go raibh aon fhadhb riamh agam.
	<b>Ginchumas Labhartha</b>	Is féidir liom frásaí agus abairtí simplí a úsáid chun cur síos ar an áit a bhfuil mé i mo chónaí agus ar dhaoine a bhfuil aithne agam orthu.	Is féidir liom sraith frásaí agus abairtí a úsáid chun cur síos go simplí ar mo theaghlach agus ar dhaoine eile, ar dhálaí beatha, ar an oideachas a fuair mé, ar an bpost atá agam anois nó ar an bpost deireanach a bhí agam.	Is féidir liom frásaí a cheangal le chéile ar shlí shimplí d'fhonn cur síos ar eispéiris agus ar eachtraí, ar mo chuid mianta agus ar mo chuid uaillmhianta. Is féidir liom míniúcháin ghearra a thabhairt ar thuairimí agus ar phleananna. Is féidir liom plota leabhair nó scannáin a ríomh agus cur síos ar an gcaoi a dtéann sé i bhfeidhm	Is féidir liom mionchuntais shoiléire a thabhairt ar raon leathan ábhar a bhaineann le mo réimse spéise féin. Is féidir liom mo dhearcadh ar ábhar éigin atá i mbéal na ndaoine a mhíniú agus na buntáistí is míbhuntáistí a bhainfeadh le roghanna eile a áireamh.	Is féidir liom cur síos go mion agus go soiléir ar ábhair chasta, fo-ábhair a fhí isteach, pointí áirithe a fhorbairt agus clabhsúr oiriúnach a chur leis an rud atá le rá agam.	Is féidir liom cuntas a thabhairt nó argóint a dhéanamh go soiléir saoráideach i stíl a oireann don chomhthéacs agus mo chuid cainte a struchtúrú go héifeachtach loighciúil ar shlí a chabhraíonn le daoine a bheadh ag éisteacht liom pointí tábhachtacha a thabhairt faoi deara agus cuimhneamh orthu.



S C R Í O B H	<b>Scríobh</b>	Is féidir liom cárta poist gearr simplí a scríobh, mar shampla le beannachtaí a chur chuig daoine agus mé ar laethanta saoire. Is féidir liom sonraí pearsanta fúm féin a bhreacadh síos ar fhoirmeacha, mar shampla m'ainm, náisiúntacht agus seoladh a scríobh ar fhoirm chláráithe óstáin.	Is féidir liom nótaí agus teachtaireachtaí gearra simplí a scríobh. Is féidir liom litir phearsanta an-simplí a scríobh, cuir i gcás ag gabháil buíochais le duine as rud éigin.	Is féidir liom téacs simplí a scríobh ar ábhair a bhfuil taithí agam orthu nó spéis phearsanta agam iontu. Is féidir liom litreacha pearsanta a scríobh ag cur síos ar eispéiris agus ar an gcaoi a dtéann rudaí i bhfeidhm orm.	Is féidir liom téacsanna soiléire mionsonracha a scríobh ar raon leathan ábhar ar spéis liom iad. Is féidir liom aiste nó tuairisc a scríobh chun eolas a sheachadadh nó chun cúiseanna a sholáthar i bhfabhar nó i gcoinne dearcadh áirithe. Is féidir liom litreacha a scríobh a léiríonn cén tionchar pearsanta a imríonn eachtraí agus eispéiris áirithe orm.	Is féidir liom mé féin a chur in iúl trí théacs soiléir, dea-struchtúraithe a scríobh ina gcuirim mo thuairimí in iúl i mórán focal. Is féidir liom scríobh faoi ábhair chasta i litir, in aiste nó i dtuairisc, agus béim a chur ar na ceisteanna is mó a bhaineann le hábhar, dar liomsa. Is féidir liom stíl a roghnú atá oiriúnach don té a léifidh é.	Is féidir liom téacs soiléir soléite a scríobh i stíl oiriúnach. Is féidir liom litreacha, tuairiscí nó ailt a scríobh ar ábhair chasta agus an téacs a struchtúru go héifeachtach loighciúil ar shlí a chabhraíonn le daoine a bheadh á léamh pointí tábhachtacha a thabhairt faoi deara agus cuimhneamh orthu. Is féidir liom achoimrí agus léirmheasanna a scríobh ar shaothair ghairmiúla agus liteartha.
---------------------------------	----------------	---	--	--	---	--	---

Greille Féinmheasúnaithe (© Comhairle na hEorpa 2001)

## 1. Iarratas

### A. Fostaithe reatha Ollscoil na Gaillimhe

Más fostaí reatha de chuid Ollscoil na Gaillimhe thú bain úsáid as [Féinseirbhíse Ollscoil na Gaillimhe](#) (ESS) chun iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

Seo é an nasc chuig [Treoir d'Úsáideoirí](#) ESS.

**Bí cinnte go léann tú an treoir faoi iamh sula ndéanann tú iarratas ar an bpost seo agus tabhair dóthain ama duit féin chun d'iarratas a dhéanamh ar líne roimh an spriocdháta.**

**Ní chuirfear síneadh leis an spriocdháta ná leis an am má dhéanann duine botún.**

**Ní ghlacfar le hiarratais dheireanacha.**

**Ba cheart d'Oibrithe Gníomhaireachta a bhaineann amach na critéir cháilitheachta do phoist tacaíochta teagmháil a dhéanamh le [recruit@nuigalway.ie](mailto:recruit@nuigalway.ie) chun rochtain a fháil**

Ní mór cáipéis chomhlánaithe an iarratais a bheith seolta ar líne ionas go mbeidh sí faighte ag an Oifig Acmhainní Daonna tráth nach déanaí ná **5.00 p.m. (am na hÉireann) ar an Déardaoin, 16 Feabhra 2023.**

### B. Seolfar admháil ar a n-iarratas chuig gach iarratasóir.

Mura bhfaighidh tú admháil ar d'iarratas nó má bhíonn aon cheist eile agat faoin bpróiseas iarratais seol ríomhphost chuig [recruit@nuigalway.ie](mailto:recruit@nuigalway.ie) nó cuir glaoch ar 091-492151.

### C. An Scéim Dreasachta Luathscoir (ISER):

Is coinníoll den Scéim Dreasachta Luathscoir, mar a leagtar amach í i gCiorclán na Roinne Airgeadais 12/09, go bhfuil cosc ar phinsinéirí, faoin Scéim sin, iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna ná san earnáil chéanna. Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh daoine dá leithéid atá imithe ar scor iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

### D. Teidlíochtaí Pinsin:

Is post inphinsin an post seo. Tabharfar sonraí na Scéime Pinsean cuí don iarratasóir a n-éiríonn leis/léi. Tá an ghné Phinsin den cheapachán seo faoi réir théarmaí agus choinníollacha na Scéime Pinsean atá i bhfeidhm san Ollscoil faoi láthair. D'fhéadfadh Rialtas na hÉireann nó a ghníomhairí an Scéim seo a leasú nó a athbhreithniú ag tráth ar bith.

Leag an tAcht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004 amach gurb é 65 bliain an íosaíocht scoir agus bhain sé amach an uasaois do scor éigeantach d'Iontrálaithe Nua ar leith chuig an Earnáil Phoiblí an 1 Aibreán 2004 nó ina dhiaidh. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2013, baineann an Scéim Seirbhíse Poiblí Aonair le gach iontrálaí nua den chéad uair chuig an tseirbhís poiblí, chomh maith le hiarshairbhísigh poiblí a thagann ar ais chuig an tseirbhís poiblí tar éis briseadh níos mó ná 26 seachtain.

66 bliain d'aois an aois scoir a leagtar amach ag an tús; ardóidh sé seo ar aon dul le hathruithe reachtúla san aois do Phinsin Stáit Ranníocach go dtí 67 bliain d'aois in 2021 agus go dtí 68 bliain d'aois in 2028.

70 bliain d'aois an aois scoir éigeantach.

#### **E. Dearbhú:**

Éilítear ar iarratasóirí a chur in iúl má bhain siad tairbhe roimhe seo as scéim seirbhíse poiblí dreasachta luathscoir. Éilítear ar iarratasóirí freisin aon teidlíochtaí ar shochar pinsin Seirbhíse Poiblí (in íocaíocht nó coinnithe) ó aon fhostaíocht eile sa tSeirbhís Phoiblí agus/nó áit a bhfuil íocaíocht-in-lieu faighte acu as seirbhís in aon fhostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí a chur in iúl.

#### **F. Comhaontuithe Comhchoiteanna: Íocaíocht Iomarcaíochta d'Fhostaithe sa tSeirbhís**

##### **Phoiblí:**

I litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dar dáta an 28 Meitheamh 2012 a seoladh chuig Oifig Phearsanra, tugadh isteach Comhaontú Comhchoiteann, le feidhm ón 1 Meitheamh 2012, a bhí aontaithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ag Coiste Seirbhísí Poiblí an ICTU maidir le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia d'Fhostaithe sa tSeirbhís Phoiblí. Coinníoll de chuid an Chomhaontaithe Chomhchoitinn is ea nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe d'athfhostú sa tseirbhís poiblí ag aon chomhlacht seirbhíse poiblí (mar atá sainmhínithe sna Bearta Éigeandála Airgeadais sna hAchtanna ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 – 2011) ar feadh thréimhse dhá bhliain ó fhoirceannadh na fostaíochta. Ina dhiaidh sin teastóidh cead an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sular féidir duine a athfhostú. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim seo agus a bhféadfadh sé go n-éireodh leo sa chomórtas seo a n-incháilitheacht a chruthú (tréimhse neamh-incháilitheachta a bheith dulta in éag) agus beidh toiliú an Aire ag teastáil sula bhfostóidh aon chomhlacht seirbhíse poiblí é/í.

Féach ciorclán na gCoimisinéirí Ioncaim ([www.revenue.ie/en/about/foi/s16/income-tax-capital-gains-tax.../05-05-19.pdf](http://www.revenue.ie/en/about/foi/s16/income-tax-capital-gains-tax.../05-05-19.pdf)) chun eolas a fháil faoi shocruithe nua cánach i gcás athfhostaithe dá mba rud é go bhfuair tú íocaíocht iomarcaíochta ó OÉ Gaillimh cheana.

#### **G. Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010):**

I gCiorclán na Roinne Sláinte 7/2010 dar dáta an 1 Samhain 2010 tugadh isteach Spriocscéim Luathscoir Dheonaigh (VER) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonaí (VRS). Coinníoll a bhaineann leis an scéim VER is ea nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe d'athfhostú in earnáil na sláinte poiblí nó sa tseirbhís poiblí trí chéile nó i gcomhlacht atá maoinithe go hiomlán nó go páirteach ag airgead poiblí. Tá feidhm ag an gcosc céanna ar athfhostaíocht faoin VRS, seachas gur ar feadh thréimhse seacht mbliana a bhaineann sé; ina dhiaidh sin beidh cead an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil. Níl daoine a bhain leas as ceachtar de na scéimeanna seo i dteideal a bheith in iomaíocht sa chomórtas seo.

#### **H. Dearbhú:**

Éilítear ar iarratasóirí a dhearbhu má bhain siad tairbhe roimhe seo as scéim seirbhíse poiblí dreasachta luathscoir agus/nó as comhaontú comhchoiteann mar a bhfuil cur síos air thuas. Léiríonn an méid thuas na príomhscéimeanna agus comhaontuithe a chuireann srian ar cheart iarratasóra a bheith athfhostaithe sa tseirbhís poiblí. Ach ní liosta gan teorainn é seo agus ba cheart d'iarratasóirí eolas a thabhairt maidir le haon mheicníocht éalaithe eile ar bhain siad úsáid as a chuireann srian ar a gceart le bheith athfhostaithe sa tseirbhís poiblí. Éilítear ar iarratasóirí freisin aon teidlíochtaí ar shochar pinsin Seirbhíse Poiblí (in íocaíocht nó coinnithe) ó aon fhostaíocht eile sa tSeirbhís Phoiblí agus/nó áit a bhfuil íocaíocht-in-lieu faighte acu as seirbhís in aon fhostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí a chur in iúl.

## I. Saoire Bhliantúil

I gcás na bhfostaithe reatha sin a chaillfidh laethanta saoire bliantúla am ar bith amach anseo de bhrí go mbeidh ardú céime faighte acu, beidh feidhm ag an bhfoirmle chúitimh chaighdeánach ar am saor a dhéantar a ríomh tríd an gcaillteanas bliantúil a mhéadú faoi 1.5 ar bhonn aon uaire tráth a bhfaighidh siad ardú céime.

## J. Ceadúnais Oibre:

Ceadúnais iad na ceadúnais oibre a bhronntar ar Shaoránaigh neamh-AE/EEA a thugann cead dóibh oibriú go dlíthiúil in Éirinn. Is coir neamhdhleathach é oibriú in Éirinn gan ceadúnas oibre agus tá an fhreagracht ar an bhfostóir agus ar an bhfostaí araon. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi cheadúnais oibre agus chun bheith ar an eolas faoi aon nuacht eile, téigh chuig láithreán gréasáin na Roinne Fiontair, Trádála agus Fostaíochta [www.djei.ie](http://www.djei.ie)

Tá liosta ar fáil anseo de na catagóirí atá neamh-incháilithe i leith [ceadúnais oibre](#).

## 2. Nós Imeachta Measúnachta

### A. An Bord Measúnóirí

Déanfaidh Bord Measúnóirí na hiarratais a mheas, agus déanfaidh sé na hiarrthóirí a ghearrliostú agus a chur faoi agallamh.

Coinneoidh gach comhalta ar an bpainéal agus aon duine eile bainteach le riarachán na hearcaíochta gach iarratas agus ábhar eile a chuireann iarrthóirí isteach faoi rún daingean. Ní thabharfar aon eolas faoi na hiarrthóirí ná faoi shonraí a n-iarratas, d'aon duine eile seachas nuair is gá sin a dhéanamh mar chuid den phróiseas roghnúcháin.

### B. Dátaí na nAgallamh

Cuirfear na socruithe in iúl do na hiarratasóirí in am agus i dtráth. Déanaimid gach iarracht an oiread fógra agus is féidir a thabhairt maidir le dátaí na n-agallamh etc., ba cheart d'iarrthóirí a bheith ar fáil d'agallamh agus láithreoireacht ar an dáta /na dátaí sonracha ag an Ollscoil.

Ní bheidh aon éileamh ar bhreithniú ag iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh ná ar thástáil eile ag an am agus san áit a n-éilíonn an Ollscoil nó nach gcuireann aon fhianaise ar fáil, ar iarratas, a theastaíonn ón Ollscoil maidir le haon ábhar atá ábhartha dá n-iarrthóireacht.

### C. Moltóirí

Déanfar teagmháil leis na moltóirí atá luaite ar fhoirm iarratais an iarrthóra a n-éireoidh leis/léi [i ndiaidh](#) an agallaimh.

### D. Tairiscint

Cuirfear gach iarrthóir ar an eolas faoi thoradh a n-iarratais in am agus i dtráth. Tairgfídh an Oifig Acmhainní Daonna an post don iarrthóir atá ceaptha nuair a bheidh an ceapachán ceadaithe ag Údarás Ceapacháin na hOllscoile.

Caithfidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi an post a fháil fianaise ar aois agus ar bhuncháilíochtaí a chur ar fáil agus d'fhéadfadh sé go mbeadh air/uirthi dul faoi scrúdú dochtúra.

Nuair a dhéanfar tairiscint choinníollach ar phost, iarrfar ar an iarrthóir ceistneoir sláinte réamhfhostaíochta a líonadh a mbainfidh Seirbhís Sláinte Gairme na hOllscoile leas as d'fhonn folláine an iarrthóra chun tabhairt faoi dhualgais an phoist a mheas.

Bainfear úsáid as an eolas a thugtar ar an gceistneoir (i) chun folláine na n-iarrthóirí an post ar cuireadh isteach air a dhéanamh; (ii) chun a mheas an gá aon réiteach réasúnta a dhéanamh chun freastal ar aon mhíchumas nó lagú a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil don iarrthóir; agus (iii) chun a chinntiú nach gcuirfeadh aon cheann de riachtanais an phoist isteach ar aon riocht sláinte a bheadh ag dul don iarrthóir cheana féin.

## **An Oifig Acmhainní Daonna**